
TG4





## Déanta in Éirinn

10pm Déardaoin ó 13 M Fómhair

Turas dúshlánach do Mhanchán Magan. An dtig leis dul timpeall na hÉireann gan ach earraí agus ábhar Éireannach a úsáid agus bia agus deoch Éireannach a ithe agus a ól? In am seo an ghátair, iarrtar orainn ar fad tús áite a thabhairt do dhéantús ár dtíre féin agus tá sé doiligh go maith teacht air uaireanta, agus costasach freisin, rud a fhaigheann Manchán amach.

## Jockey Eile

8.15pm Domhnach ó 30 M Fómhair

Sraith réilifíse a léiríonn nach bhfuil sé furasta bheith id mharcach rás-chapaill. Tugtar an deis do 20 ógánach, idir fhir agus mhná, a gcumas mar mharcaigh a léiriú agus dul i bhfeidhm ar shaineolaithe, ina measc Séan Bán Breathnach agus Joe Connolly. Tá comhairle (agus cáineadh freisin nuair is gá) ar fáil ó mharcaigh aitheanta ar nós Davy Russell agus Kevin Manning.

# Siamsaíocht

TG4



## Opry an Iúir

10.30pm Céadaoin ó 19 M Fómhair

Réaltaí móra an cheoil tíre in Éirinn i mbun ceolchoirme. Tá na hamhránaithe - Philomena Begley, Daniel O'Donnell, Hugo Duncan, Mike Denver, Sandy Kelly, Nathan Carter, Dominic Kirwan agus Mick Flavin go huile ar a gcompord os comhair a lucht leanta. Tugann gach clár léargas dúinn ar chúlra ceoil an amhránaí freisin.



## Ceol ón Chlann

10pm Domhnach ó 23 M Fómhair

Seoda ceoil ina dtugann Pádraigín Ní Uallacháin i láthair cuid den saibhreas iontach atá i dtaisce sa gcartlann teilifíse. Dírítear ar theaghlaigh a thuill cáil an cheoil agus a craoladh go minic ar an teilifís le daichead bliain, ina measc teaghlaigh McPeake, Keane, Sands, Patterson, Black agus Uí Shnodaigh. Tá agallaimh ann leo freisin.

# Ceol & na hEalaíona

TG4





## Ros na Rún

8.30pm Máirt agus Déardaoin ó 4 M Fómhair
Ollchlár 10.30pm gach Domhnach

An sobal is daonna agus is dúchasaí ar an teilifís in Éirinn, an t-aon cheann Éireannach a bhfuil rian na talún air. Tá an meon tíriúil sin agus an greann i gcroílár an dráma agus é nádúrtha dá réir, tréith a thuigeann a phobal féachana sa bhaile agus i gcéin.

## Breaking Bad

11pm Déardaoin

Ceann de na sraith-dhrámaí teilifíse is iomráití i Meiriceá Thuaidh faoi láthair agus is ar TG4 is túisce a fheictear é sa taobh seo den domhan. Tá an saol sách suarach ag múinteoir ceimice go dtí go dtuigtear dó go dtig leis a shaibhreas a dhéanamh as druga mídhleathach a tháirgeadh agus a dháileadh.

# Drámaíocht

TG4





## Le Film
Oíche Aoine


Scoth na scannán idirnáisiúnta: East of Bucharest, Hana-Di, Caramel, Gadjo Dilo, Hotel, Songs From the Second Floor, Little Red Flowers, Le Divorce, The Flight of the Red Balloon.

## Scannán na Seachtaine
9.30pm Luan

Beidh go leor den scoth ar fáil: Courage Under Fire, Infamous, Moulin Rouge, Eternal Sunshine of the Spotless Mind, The Full Monty, The Good Thief, The Beach, 28 Days Later, Gross Point Blank, Hope Floats, John Grisham's The Rainmaker, The Road to Perdition, League of Extraordinary Gentlemen.

# Scannáin

TG4



## Nuacht TG4
7pm Gach lá

Súil ar leith ag Nuacht TG4 ar scéalta réigiúnacha, áitiúla agus daonna, mar léiriú ar mhana súil eile an chainéil. Déantar cúram ar leith de scéalta ó chósta an iarthair, den Ghaeltacht agus de phobal na Gaeilge ar fud na tíre agus níos faide ó bhaile. Is í an duais-chraoltóir Eimear Ní Chonaola an t-ancaire.



## Fíorscéal
Oíche Mháirt

Sraith a thugann aghaidh ar mhórcheisteanna idirnáisiúnta trí shúile na léiritheoirí teilifíse is misniúla agus is conspóidí ar domhan. Seo rogha clár faisnéise ón iasacht le athghuthú Gaeilge. Oscailt súl eile is ea gach ceann acu.

# Cúrsaí Reatha

TG4





## Cluain Tarbh

Anamnocht

## Lón sa Spéir

Anamnocht

**Anamnocht: 9.30pm Céadaoin ó 19 M Fómhair**

Cláir shubstaintiúla léirithe ar ardchaighdeán, uair an chloig ar fhad, a thugann léargas taibhsiúil dúinn ar phearsain, ar ghluaiseachtaí nó ar áiteanna a bhfuil tábhacht nó suntas ar leith le tabhairt dóibh i stair na tíre nó na muintire. Is minic gur gné fholaithe den saol atá faoi chaibidil nó eachtra a ceileadh nó a ligeadh i ndearmad.

**Cogar: 9.30pm Domhnach ó 16 M Fómhair**

Cláir aonaracha, leathuair an chloig ar fhad. Is minic gur scéal pearsanta atá ann agus deis ag an duine é a insint ar a luas agus ina bhealach féin. Ina measc, tá clár a thugann chun solais an dlúthbhaint atá ag deisceart na Gaillimhe le ceann de na grianghrafanna is cáiliúla a tógadh riamh.

# Faisnéis

TG4






## Redbull Cliff Diving

Scoth na himeartha ó fhir is ó mhná i gcluichí Gaelacha. Beidh Cluichí Ceannais na hIomána faoi 21 agus i bPeil na mBan ar fáil go heisiach i mí Mheán Fómhair.

## Rugbaí Beo

Is é TG4 an t-aon chainéal teilifíse ag a bhfuil clúdach cuimsitheach ar na mór-chomórtais gairmiúla rugbaí ar fad an Fómhar seo, idir bheo agus bhuaicphointí. Beochraoladh ar an tSraith **RaboDirect Pro12** (ar a laghad 25 cluiche beochraolta) agus an mórchluiche idir Laighin agus Mumhan as Stáid Aviva, 6 Deireadh Fómhair.

# Spórt

TG4





## Cúla4

Luan-Aoine 4.10pm-6.00 pm

Caith seal le Garfield, Ben 10, Spongebob, Fanboy & Chum Chum agus na cairde eile ar fad. Tig leat féachaint orthu aon uair ar www.cula4.com

## Cúla4 na nÓg

Gach lá 7-10.30am Luan-Satharn 2.00pm- 4:00 pm

Deis féachaint ar charachtair taitneamhacha ildaite idir sheanchairde agus shraitheanna nua. Bíonn gach eolas ar www.cula4.com chomh maith le liricí na n-amhrán agus cluichí ar-líne le Olivia, Mr Men, Dino Train, Skunk Fu agus Ag Spraoi le Claude nó íoslódáil App Cúla4 ó iTunes nó Android.

# Cúla4 & Cúla4 na nÓg

TG4





## PONC

6 -7pm Luan – Aoine

Uair an chloig spleodrach siamsaíochta, curtha i láthair ag Colmán Mac Séalaigh agus Máire Treasa Ní Dhubhghaill. Idir chláir drámaíochta, siamsaíochta agus shraitheanna réalaíocha, is cinnte gurb é seo an bealach is fearr le do thráthnóna a chaitheamh!

## Pop4

Dé Sathairn 5.55pm

Cairteanna na seachtaine, físeáin, comórtais agus ceol beo á gcur i láthair ón 02 i mBaile Átha Cliath ag Eoghan Mac Diarmada agus Andy Kavanagh.

# Daoine Óga

TG4

cuir aithne orainn